



4154526

ACHTANNNA NA gCUIDEACHTAÍ, 1963 go 1990

CUIDEACHTA FAOI THEORAINN SCAIREANNA

MEABHRÁN COMHLACHAIS

EALAIN (NA GAELTACHTA) TEORANTA  
(Leasaithe ag Rún Speisialta ar an 24 Lúnasa, 2010)

1. Ealaín (Na Gaeltachta) Teoranta is ainm don Chuideachta.
2. Is iad na cuspóirí ar lena n-aghaidh atá an Chuideachta á bunú:
  - (1)

Na h-ealaíona dhúchasacha agus chomhaimseartha,  
go h-áirithe na h-ealaíon phobail, a athbheochaint,  
a spreagadh agus a fhorbairt ins na ceantair Ghaeltachta.



- (2) Aon cheann de na gnóthaí seo a leanas nó iad uile sheoladh, tógálaithe agus conraitheoirí, maisitheoirí, ceannaithe, innealtóirí, suirbhéirí, gníomhairí eastát, lucht garáiste, lónadóirí, tábhairneoirí ceadúnaithe, soláthraithe breosla, déantúsóirí agus trádálaithe teicstíle, gníomhairí agus bróicéirí árachais, riarthóirí caí theamh aimsire, feirmeoirí, agus i gcoitinne dul i mbun gnóthaí iomportála, easportála, déantúsaíochta, fáis, táirgeachta agus deisiúcháin earraí agus ábhar de gach cineál agus iad a réiteach agus a chur in oiriúint do mhargadh, agus go ginearálta aon ghnó a sheoladh i dtaca leis an méid thuasluaite nó le haon cheann díobh, nó aon ghnó a mheasfar a chuirfidh go díreach nó go hindíreach le luach maoiné nó cearta na Cuideachta nó a dhéanfaidh níos brabúsaí iad.
- (3) Gnó mar chuideachta iontaobhais nó infheistíochta a sheoladh agus cistí na Cuideachta a infheistiú in urrúis agus in infheistíochtaí de chineál ar bith nó iad a fháil, a choinneáil, nó déileáil orthu ar aon dóigh eile.
- (4) Nótaí gealltanais, billí malairte, seiceanna, litreacha creidmheasa, nótaí ciorcalacha agus ionstraimí eile tráchtála a dhéanamh, a tharraingt, a ghlanadh, a fhorghluiniú, a eisiúint, a lascainiú, nó déileáil orthu ar aon dóigh eile.
- (5) Aon talamh, tionóntáin nó oidhreachtáin d'aon tionacht, cibé acu a bheidh siad faoi réir aon mhuirear nó eirí nó nach mbeidh, ar a n-áirítear aon eastát feo simplí nó aon eastát is lú ná sin nó aon eastát nó leas eile, láithreach nó frithdhílse, dílsithe nó teagmhasach, a fháil mar cheannachán, ar mhalartú, ar léas, ar dheontas feofheirme nó ar bhealach eile, agus talamh, maoin tithíochta, siopaí, árasáin, teachíní, frithdhílsí, leasa, blianachtaí, polasaithe saoil agus aon mhaoin eile, réadach nó phearsanta, shoghluaiste nó dhoghluaiste, a choinneáil agus a fheirmiú agus a oibriú nó a bhainistiú nó a dhíol, a ligean, a choimhthiú, a mhorgáistiú, a ligean ar léas nó a mhuirearú, in iomlán nó faoi réir coinníollacha, agus cibé acu a bheidh an céanna faoi réir aon mhorgáiste, mhuirir, chíosá talún nó chíosá eile nó eirí nó nach mbeidh, agus foc as aon tailte, tionóntáin, oidhreachtáin nó sócmhainní a gheobhaidh an Cuideachta, in airgead tirim nó i stoc scaireanna, bintíúir nó oibleagáidí de chuid na Cuideachta, bídis láníochta nó ná bíodh, nó ar aon bhealach eile.
- (6) Oifig iontaobhaí, sheiceadóra, riarthóra, choiste, bhainisteora, runaí, chláráitheora, aturnae, dhealagáidí, ionadaí, nó chisteora, agus aon oifig nó aon fheidhmeannas iontaoibhe nó muiníne a ghlacadh agus na dualgais agus na feidhmeannais a ghabhann leo, agus gnó iontaobhais agus gníomhaireachta de gach cineál a sheoladh go ginearálta cibé acu in aisce nó ar dhóigh eile.
- (7) Cruthú, eisiúint nó comhshó bintíúir, stoic bhintíúir, bannaí, oibleagáidí, scaireanna, stoc nó urrús a ghríosú agus cuidiú leis an méid sin, agus feidhmiú mar iontaobhaithe i dtaca lena leithéid d'urrúis, agus páirt a ghlacadh i mbunú cuideachtaí as gnólachtaí nó gnóthais.

- (8) Páirt a ghlacadh i mbainisteoireacht, riaradh agus rialú ghnó nó imeachtaí aon chuideachta nó ghnóthais, agus chuige sin aon Stiúrthóirí, cuntasóirí nó saineolaithe nó gníomhairí eile a cheapadh agus luach saothair a íoc leo.
- (9) Aon iontaobhais a bhunú d'fhonn aon stoic nó urrúis thosaíochta agus iarchurtha nó speisialta eile a eisiúint, a bheidh bunaithe ar aon scaireanna, stoic nó sócmhainní eile a dhílsítear go sonrach do chuspóirí aon iontaobhais dá leithéid, agus aon iontaobhais dá leithéid a shocrú agus a rialú, agus má mheastar gur cuí, iad a ghlacadh uirthi féin agus a fhorghníomhú agus aon stoic nó urrúis thosaíochta, iarchurtha nó speisialta eile dá leithéid a eisiúint, a dhiúscairt nó a choinneáil.
- (10) A ráthú, a thacú, nó a urrú, cibé acu trí chúnant pearsanta nó trí ghnóthas, maoin, agus sócmhainní uile (láithreacha agus todhchaí) agus caipiteal neamhghlaoite na Cuideachta nó aon chuid díobh a mhorgáistiú nó a mhuirearú nó trí na modhanna seo go léir, go gcomhlíonfar na hoibleagáidí agus go n-aisíofar nó go n-íofar príomhshuimeanna agus ús aon duine, ghnólachta, nó chuideachta nó díbhinní nó ús aon urrúis agus (gan dochar d'fhairsinge a bhfuil roimhe seo) aon chuideachta atá ina cuideachta shealbhaíochta ar an gCuideachta nó aon fhochuideachta nó aon chomhchuideachta dá cuid.
- (11) Aon ghnó; idirbheart nó feidhm a sheolann nó a reachtálann gníomhairí airgeadais, airgeadaithe, frithgheallaithe, lucht lamháltais, conraitheoirí d'oibreacha poiblí agus eile nó ceannaithe, a sheoladh nó a reachtáil.
- (12) Gnó ar bith eile a sheoladh a bheidh oiriúnach i dtuairim na Cuideachta i dtaca le críocha chuspóirí réamhráite na Cuideachta.
- (13) An t-iomlán nó aon chuid de ghnó, mhaoin, dhea-mhéin agus shócmhainní aon chuideachta atá i mbun aon ghnó nó atá ag beartú dul i mbun aon ghnó a bhfuil údarás ag an gCuideachta a sheoladh, nó gur féidir a reachtáil go hoiriúnach i dtaca leis an gcéanna, nó a mheasfar ina thaobh go gcuideodh sé go díreach nó go hindíreach leis an gCuideachta, nó a bhfuil maoin aici atá oiriúnach do chuspóirí na Cuideachta, iad sin nó aon chuid díobh a cheannach nó a fháil ar dhóigh eile agus a reachtáil, agus mar chuid den chomaoin i dtaca le haon cheann de na nithe nó na gníomhartha thuasluaite nó le haon mhaoin a fhaightear, dlíteanais iomlána na cuideachta sin nó aon chuid díobh a ghlacadh uirthi féin, nó leas a fháil inti nó cónascadh léi nó páirt a ghlacadh in aon socrú léi chun brabúis a roinnt, nó chun comhoibriú léi, nó chun iomaíocht a theorannú nó chun cúnamh frithpháirteach lena leithéid de chuideachta a chur chun cinn, agus airgead tirim a thabhairt, a eisiúint nó a ghlacadh ar son aon scaireanna, bintiúr, nó urrús a aontófar, agus aon scaireanna, bintiúir nó urrúis a gheofar amhlaidh a choinneáil nó a dhíol nó a mhorgáistiú nó déileáil leo.

- (14) Páirt a ghlacadh i gcomhpháirtíocht nó in aon socrú eile d'fhonn a bheith páirteach i mbrabúis, i gcomhcheangal leasa, i gcomhfhiontar, i lamháltas cómhalartach, i gcomhoibriú nó ar dhóigh eile le haon chuideachta atá gafa le haon ghnó nó idirbheart nó a bhfuil aon ghnó nó idirbheart ar bun aici a bhfuil údarás ag an gCuideachta a sheoladh nó a reachtáil, nó le haon ghnó nó idirbheart a d'fhéadfaí a sheoladh go díreach nó go neamhdhíreach chun leasa na Cuideachta, agus airgead a thabhairt ar iasacht dá leithéid de chuideachta, a cuid conarthaí nó bintiúir a ráthú nó cabhrú leis an gcuideachta sin ar dhóigh eile, agus scaireanna, stoc nó urrúis na cuideachta sin a ghlacadh nó a fháil ar aon dóigh eile agus fóirdheontas nó aon chabhair eile a thabhairt dá leithéid de chuideachta agus na scaireanna, stoc nó urrúis sin a dhíol, a choinneáil, a atheisiúint, cibé acu faoi ráthaíocht nó gan ráthaíocht, nó déileáil lena leithéid ar aon dóigh eile.
- (15)(a) Obair thaighde, scrúdaithe agus thrialach agus fhorbartha de gach cineál a dhéanamh i dtaca le haon cheann de na cuspóirí thuasluaite nó i dtaca leo uile.
- (15)(b) Iarratas a dhéanamh ar aon phaitinní, cearta paitinní, *brevets d'invention*, ceadúnais, cosaintí, lamháltais agus a leithéid, nó iad a cheannach nó a fháil ar dhóigh eile, nó iad a chosaint, a shíneadh nó a athnuachan, in Éirinn nó in áiteanna eile, chun ceart úsáide eisiatach nó neamheisiatach nó teoranta a fháil, nó aon eolas rúnda nó eolas eile a fháil maidir le haon aireagán, próis nó pribhléid, a mheasfar a d'fhéadfaí a úsáid d'aon chuspóirí de chuid na Cuideachta, nó a mheasfar go rachadh sé go díreach nó go hindíreach chun leasa na Cuideachta iad a fháil, agus ceadúnais nó pribhléidí ina leith a úsáid, a chleachtadh, a fhorbairt, nó dul i mbun déantúsaíochta fúthu, nó ar bhealach eile an mhaoine, na cearta agus an t-eolas a fhaightear amhlaidh a chur chun sochair na Cuideachta, agus aon ghnó a bhaineann leo a sheoladh, agus airgead a chaitheamh ar thrialacha agus ar thástálacha agus ar fheabhas a chur ar aon phaitinní, aireagáin nó cearta a gheobhaidh an Chuideachta nó atá beartaithe aici a fháil.
- (16) Aon chuideachta a chur ar aghaidh leis an gcuspóir go bhfaighidh sí maoin nó dliteanais uile na Cuideachta nó aon chuid díobh nó d'fhonn aon ghnó nó déileálacha a ghlacadh uirthi féin a mheasfar a d'fhéadfadh cuidiú nó cabhrú leis an gCuideachta nó cur le luach nó brabúlacht aon mhaoine, sócmhainní nó gnó de chuid na Cuideachta, nó d'aon chuspóir eile a mheasfar a d'fhéadfadh cuidiú go díreach nó go hindíreach leis an gCuideachta.
- (17) Íocaíochtaí díbhinní nó úis ar aon stoic, scaireanna, bintiúir nó urrúis eile a eiseoidh aon chuideachta, *société anonyme*, cumann, gnóthas nó eagraíocht phoiblí nó phríobháideach, nó aon chonradh nó oibleagáid dá gcuid, a ráthú agus a ráthú go gcomhlíonfaidh aon chuideachta a bheidh ag déileáil leis an gCuideachta a conarthaí, nó a bheith ina urrús do chomhaltaí aon chuideachta dá leithéid.

- (18) Caipiteal a chnadh d'aon chuspóirí de chuid na Cuideachta, agus aon sócmhainní de chuid na Cuideachta a dhílsiú do chuspóirí ar leith, cibé acu faoi réir coinníollacha nó gan coinníollacha, agus aon ghrúpa nó cuid díobh sin a bhíonn ag déileáil leis an gCuideachta a dhéanamh rannpháirteach i mbrabús na Cuideachta nó i mbrabús aon bhrainte ar leith de ghnó na Cuideachta, nó in aon chearta, pribhléidí, buntáistí nó leas speisialta eile dá cuid.
- (19) Iarratas a dhéanamh ar aon achtanna reachtacha, achtanna intíre nó aon achtanna nó údarás eile nó iad a fháil le go bhféadfadh an Chuideachta aon cheann dá cuid cuspóirí a chur i gcrích nó d'fhonn a cumhachtaí a mhéadú nó a athrú, nó d'fhonn athrú a dhéanamh ar chomhdhéanamh na Cuideachta nó chun críche ar bith eile is oiriúnach léi, agus cur i gcoinne aon imeachtaí nó iarratais ar dóigh dochar a dhéanamh go díreach nó go neamhdhíreach do leas na Cuideachta.
- (20) Aon socruithe a dhéanamh le haon rialtas nó údarás ardcheannasach, intíre, áitiúil nó eile, nó le haon chuideachta ar dóigh go gcuideoidh siad le cuspóirí na Cuideachta nó aon cheann díobh a chur chun cinn agus aon chairteanna, conarthaí, foraitní, cearta, pribhléidí agus lamháiltais a fháil óna leithéid de rialtas, údarás, nó cuideachta, agus na socruithe, cairteanna, conarthaí, foraitní, cearta, pribhléidí agus lamháiltais sin a chur i gcrích, a chomhlíonadh, nó feidhm a bhaint astu.
- (21) Airgead a bhailiú nó a fháil ar iasacht, agus dul in urrús ar íocaíocht airgid trí bhintíúir nó stoc bintíúir suthain, infhoirceannta nó eile nó bannaí nó oibleagáidí eile a eisiúint cibé acu a bheidh muirear orthu nó nach mbeidh, nó trí fhiontar, maoin, sócmhainní agus cearta na Cuideachta mar atá nó mar a bheidh, in iomlán nó i bpáirt, a caipiteal neamhghlaoite san áireamh, a mhorgáistiú, a mhuirearú, a chur i ngeall nó i ngealltanais nó lian a thabhairt orthu, agus i gcoinne ar aon bhealach eile agus ar cibé téarmaí ar dóigh a bheith cuí, agus aon urrúis de chuid na Cuideachta a eisiúint ar an gcomaoin agus ar na coinníollacha ar dóigh a bheith cuí ar a n-áirítear cumhacht cuid de mbrabús na Cuideachta a íoc mar ús ar aon airgead a bhaileofar nó a gheofar ar iasacht ar an dóigh sin; agus a áirithiú agus a ráthú trí mhorgáiste, muirear, geallchur, lian a thabhairt nó gealltanais den sórt a dúradh go gcomhlíonfaidh an Chuideachta aon oibleagáid nó dliteanas a thógfaidh sí uirthi féin agus go bhfuasclóidh sí nó go n-focfaidh sí aon urrúis den sórt sin.
- (22) Airgead a réamhíoc nó a thabhairt ar iasacht, cibé acu ar urrús nó gan urrús do na daoine nó do na cuideachtaí sin agus ar na téarmaí agus ar na coinníollacha sin a mheastar is cuí.
- (23) Aon chúltaca nó aon chiste fiachmhúchta a bhunú, a choinneáil, a infheistiú nó déileáil lena leithéid de chúltaca nó de chiste d'fhonn oibleagáidí na Cuideachta a fhuascailt, nó le cur in aghaidh dímhéasa oibreacha nó stoic nó chun críche ar bith eile de chuid na Cuideachta.

- (24) Aon mhaoin de chuid na Cuideachta, agus go háirithe aon scaireanna, bintiúir nó urrúis chuideachtaí eile ar leis an gCuideachta iad, nó a bhfuil cumhacht ag an gCuideachta a dhiúscairt, iad sin a dháileadh mar dháileadh sócmhainní nó mar roinnt ar bhrabús le hábhar ar chomhaltaí na Cuideachta.
- (25) Comhlachais, forais, cumainn, comharchumainn, clubanna, cistí iontaobhais, nó áiseanna a bhunú nó dul isteach iontu nó tacú leo má mheastar go rachadh sé sin chun sochair don Chuideachta nó d'fhostaithe nó d'iarfhostaithe de chuid na Cuideachta, nó do chleithiúnaithe na ndaoine sin nó do dhaoine eile a bhfuil baint acu leo nó a bhfuil baint acu le haon bhaile nó le haon áit a bhfuil gnó á sheoladh ag an gCuideachta ann, agus pinsin, aiscí, liúntais nó cúnamh carthanach a thabhairt d'aon duine a thug seirbhís don Chuideachta nó do chéile, leanaí, nó gaolta aon duine den sórt sin, agus íocaíochtaí árachais a dhéanamh, agus cistí sochair agus coigiltis a bhunú agus síntiúis a thabhairt dóibh ar mhaithe le haon fhostaithe de chuid na Cuideachta agus airgead a thabhairt nó a ráthú ar son cuspóra charthanaigh nó ar son aon taispeántais nó ar son aon chuspóra thairbhiúil, phoiblí nó ghinearálta.
- (26) Luach saothair a íoc, cibé acu in airgead tirim nó le leithroinnt scaireanna nó urrús eile de chuid na Cuideachta a áireofar a bheith láníochta, páirtíochta nó íochta ar dhóigh eile, le haon duine, gnólacht, nó cuideachta a thabharfaidh seirbhísí don Chuideachta.
- (27) Síntiúis a íoc nó airgead a ráthú i leith aon chuspóirí náisiúnta, carthanacha, cúntacha, poiblí, ginearálta nó tairbhiúla, nó i leith aon taispeántais.
- (28) Tacú le saoirse conartha agus cur in aghaidh aon chur isteach ar an saoirse sin agus árachas a fháil ina leith sin, agus comhaltas a ghlacadh in aon chónascadh, aontas, cumann nó páirtí dleathach agus síntiúis a íoc lena gcistí siúd, agus aon ghníomh nó beart dleathach eile a ghlacadh d'fhonn aon chur isteach nó briseadh i ngnó nó i dtrádáil na Cuideachta a sheachaint nó d'fhonn soláthar a dhéanamh ina aghaidh nó d'fhonn seasamh ina aghaidh sin go díreach nó go hindíreach, nó d'fhonn cur in aghaidh aon ghluaiseachta nó eagraíochta stailce a mheasfar a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do leas na Cuideachta nó dá cuid fostaithe, agus síntiúis a íoc le haon chumann nó ciste d'aon chuspóirí dá leithéid.
- (29) Clárú na Cuideachta a thabhairt chun críche nó aitheantas a fháil di in aon tír iasachta, coilíneacht, spleáchríoch nó áit.
- (30) Íoc as iomlán nó aon chuid den chaiteachas a ghabhfaidh nó a bhainfidh le foirmiú agus corprú na Cuideachta agus le bailiú a scairchaipitil agus a caipitil iasachta, nó conradh a dhéanamh le haon duine nó le haon chuideachta an céanna a íoc, agus (i gcás scaireanna, faoi réir forálacha aon reachta a bheidh i bhfeidhm de thuras na huaire) coimisiúin a íoc le bróicéirí nó eile as suibscríobh aon scaireanna, bintiúir, nó urrús de chuid na Cuideachta a fhrithghealladh, a dháileadh, a dhíol nó a ráthú.

- (31) Na rudaí seo go léir a dúradh nó aon cheann díobh a dhéanamh in aon áit ar domhan agus mar phríomhaithe, mar ghníomhairí, mar chonraitheoirí, mar iontaobhaithe nó ar dhóigh eile, agus cibé acu le hiontaobhaithe, gníomhairí, fochonraitheoirí, nó ar dhóigh eile agus cibé acu ina haonar nó i bpáirtíocht nó in éineacht le haon duine nó cuideachta, agus conradh a dhéanamh le haon duine nó cuideachta aon oibriú a bhaineann leis an gCuideachta a sheoladh.
- (32) Gach rud eile a dhéanamh a mheasfar a bheith riachtanach chun na haidhmeanna thuasluaite a bhaint amach, nó aon chuid díobh, nó a mheasfar a bheith ina chabhair chuige sin.

Agus dearbhaítear leis seo go bhfolóidh an focal "cuideachta" i bhforléiriú an Chlásail seo, ach amháin i dtagairtí don Chuideachta seo, aon duine, páirtíocht nó aon chomhlacht daoine cibé acu a bheidh siad corpraithe nó nach mbeidh agus cibé acu a bheidh siad ina sainchónaí in Éirinn nó in aon áit eile, agus go bhfolóidh focail a chuireann i gcéill an uimhir uatha an uimhir iolra freisin agus vice versa agus níl i gceist go mbeidh na cuspóirí a leagtar síos in aon mhír den chlásal seo á dteorannú, mura léirítear a mhalairt go sonracha sa mhír sin, ag tagairtí do théarmaí aon mhíre eile nó tríd an bhír sin a bhaint as aon mhír eile, nó as ainm na Cuideachta.

3. Tá teorainn le dliteanas na gComhaltáí.
4. €2,500,000 agus é roinnte in 2,000,000 scair de €1.25 an ceann, scairchaipiteal na Cuideachta. Féadfar aon scaireanna de chuid na Cuideachta, cibé acu as caipiteal tosaigh nó as caipiteal méadaithe de chuid na Cuideachta iad, a eisiúint le haon chearta nó pribhléidí nó ar aon choinníollacha speisialta nó srianta, tosaíochta nó iarchurtha nó eile maidir le caipiteal, díbhinní, cearta vótála nó eile fad is nach n-athrófar nó nach maolófar na cearta, pribhléidí, nó na coinníollacha sin ach faoi réir Airteagail Chomhlachais na Cuideachta.

**SINNE**, na daoine uile agus faoi seach a bhfuil a n-ainmneacha, a seoladh, agus a dtuairisc scríofa acu anseo thíos, is mian linn go ndéanfaí Cuideachta dinn de bhun an Mheabhráin Chomhlachais seo, agus comhaontaímid go dtógfaimid an líon scaireanna i gcaipiteal na Cuideachta atá curtha síos os coinne ár n-ainmneacha faoi seach.

---

Ainmneacha, Seoltaí, agus Tuairiscí na Sínitheoirí

An líon scaireanna  
atá á thógáil ag gach  
Sínitheoir

---

Údarás na Gaeltachta  
Na Forbacha  
Gaillimh  
Eagraíocht Reachtúil

1 (Don Scurr)

*Do An t-Uachtarán (Gníomhaireacht na Gaeltachta)*

Brian Ó Cuív  
Teach Mór Thoir  
Indreabhán  
Co. na Gaillimhe  
Feidhmeannach

*Brian Ó Cuív*

1 Don Scurr

---

Iomlán na scaireanna atá á dtógáil 2 Dhá Scurr

---

Arna dhátú an 24<sup>ú</sup> lá de *Samhain* 1997

Finné leis na sínithe sin thuas:-

Ainm:

*Peig Breathnach*

Seoladh:

*Údarás na Gaeltachta  
Na Forbacha  
Gaillimh*




# ACHTANNA NA gCUIDEACHTAÍ, 1963 go 2005

## CUIDEACHTA FAOI THEORAINN SCAIREANNA

### AIRTEAGAIL CHOMHLACHAIS

#### ÉALAÍN (NA GAELTACHTA) TEORANTA

(Leasaithe ag Rún Speisialta ar an 24ú Lúnasa, 2010)

  
Rúnaí

### RÉAMHRÁITEAS

1. Beidh an Chuideachta ina Cuideachta phríobháideach faoi bhrí Acht na gCuideachtaí, 1963 agus beidh feidhm maidir leis an gCuideachta ag na rialacháin atá i gceist i gCuid II de Thábla A sa chéad Sceideal a ghabhann leis an Acht sin (ar a dtugtar thíos Tábla A) faoi réir na n-athruithe atá sna hairteagail seo, agus beidh an Chuideachta agus na scairshealbhóirí faoi cheangal acu, cé is moite de na rialacháin a eisiatar nó a athraítear leis seo.

### LIAN

2. Beidh feidhm ag an lian a leagtar síos i Rialachán 11 de Chuid I de Thábla A i leith gach uile scaire cibé acu a bheidh sí láníoctha nó nach mbeidh agus leasaítear an Rialachán sin amhlaidh.

### LEITHROINNT

3. Beidh údarás ginearálta agus gan coinníollacha ag na Stiúrthóirí leas a bhaint as cumhachtaí uile na Cuideachta maidir le hurrúis ábharthacha de réir bhrí alt 20 de Acht na gCuideachtaí (Leasú), 1983 a leithroinnt. Is é líon na n-urrús ábharthach i gcaipiteal na Cuideachta nach bhfuil eisithe ó am go ham agus ag an am i láthair an t-uasmhéid de na hurrúis ábharthacha is féidir a leithroinnt faoin údarás atá á thabhairt leis seo. Imoidh an t-údarás atá tugtha faoin airteagal seo as feidhm ag deireadh tréimhse 5 bliana ó dháta corpraíochta na Cuideachta.

Féadfaidh an Chuideachta, sula rachaidh an t-údarás as feidhm amhlaidh, tairiscint nó comhaontú a dhéanamh a chiallódh go gcaithfí nó go bhféadfaí go gcaithfí urrúis ábharthacha a leithroinnt tar éis don údarás sin dul as feidhm, agus féadfaidh na Stiúrthóirí urrúis ábharthacha a leithroinnt de bhun tairiscinte nó comhaontaithe dá leithéid, ainneoin go bhfuil an t-údarás a bhronntar leis seo imithe as feidhm.

## AISTRIÚ SCAIREANNA

4. Bainfidh na srianta seo a leanas leis an gceart chun scaireanna sa Chuideachta a aistriú:-

- (i) Sula n-aistrefar aon scaireanna, tabharfaidh an té a bheartaíonn na scaireanna sin a aistriú (ar a dtugtar "an t-aistreoir" anseo thíos) fógra i scríbhinn (ar a dtugtar "an fógra aistrithe" anseo thíos) don Chuideachta gur mian leis na scaireanna a aistriú agus ceapfaidh an fógra aistrithe an Chuideachta mar ghníomhaire dó i gcomhair díol na scaireanna a luaitear ann (maraon leis na cearta uile a bhaineann leo ag an am) ar an bpraghas ceaptha le haon chomhalta. Ón am a eiseofar é nó a mheasfar é a bheith tugtha, ní fhéadfar fógra aistrithe a chur ar ceal ach le haontú na Stiúrthóirí.
  
- (ii) Déanfaidh an Chuideachta gach scair a bheidh san áireamh in aon fhógra aistrithe a thairiscint sa chéad dul síos do na comhaltaí uile sin a mbeidh gnáthscaireanna acu (ach amháin an comhalta a thug an fógra aistrithe nó a mbainfidh an fógra lena scaireanna siúd nó a mheasfar an fógra a bheith tugtha aige) le ceannach ar an bpraghas ceaptha ar na téarmaí, má bhíonn comórtas ann do na scaireanna a bheidh á dtairiscint amhlaidh, go ndíolfar iad (de réir agus faoi réir forálacha an chéad ailt eile) leis na comhaltaí a ghlacfaidh leis an tairiscint i gcomhréir (chomh fada agus is féidir agus gan níos mó a dhíol le haon chomhalta ná mar a ndearna sé iarratas ina leith) lena ngnáthscairshealbhaíocht ag an am. Déanfar gach tairiscint ar scaireanna faoin alt seo trí fhógra i scríbhinn agus leagfaidh gach tairiscint síos teorainn ama (nach mbeidh níos lú ná aon lá is fiche) lena gcaithfear glacadh leis an tairiscint nó mura nglacfar léi go rachaidh sí as feidhm.
  
- (iii)
  - (a) Má aimsíonn an Chuideachta comhaltaí (ar a dtugtar "ceannaitheoirí" anseo thíos) taobh istigh den tréimhse cheaptha atá sásta na scaireanna luaite a cheannach nó aon chuid díobh agus má thugann sí fógra i scríbhinn don aistreoir amhlaidh beidh sé faoi cheangal, nuair a íocfar an praghas ceaptha, na scaireanna sin a aistriú chuig na ceannaitheoirí cuí. Luafaidh gach fógra dá leithéid ainm agus seoladh an ceannaitheora agus líon na scaireanna a aontaíonn sé a cheannach agus cuirfear an ceannachán i gcrích in áit agus ag an am a shocróidh na Stiúrthóirí tráth nach lú ná seacht lá agus nach mó ná ocht lá is fiche tar éis dáta an fhógra sin nó (nuair is gá) chomh luath ina dhiaidh sin agus a shocrófar an praghas ceaptha dóibh Faoi Réir i gCónaí má luann an fógra aistrithe nach bhfuil an t-aistreoir sásta ach an t-iomlán de na scaireanna a luaitear san fhógra aistrithe a dhíol ní bheidh feidhm ag na forálacha thuasluaite san alt seo ach amháin má bhíonn ceannaitheoirí aimsithe ag an gCuideachta a cheannóidh le chéile iomlán na scaireanna sin.

(iii)

b) Má tharlaíonn in aon chás go dteipfidh ar aistreoir, tar éis dó a bheith faoi cheangal scaireanna ar bith a dhíol le ceannaitheoir, na scaireanna sin a aistriú, féadfaidh na Stiúrthóirí duine a údarú chun aon aistriúcháin is gá a fhorghníomhú ar son an aistreora agus mar aturnae dó de réir mar is gá agus féadfaidh siad an t-airgead ceannacháin a ghlacadh agus sa chás sin socróidh siad ainm an cheannaitheora a chlárú mar shealbhóir ar na scaireanna sin agus coinneoidh siad an t-airgead aistriúcháin ar iontaobhas don aistreoir. Beidh feidhm ag an admháil ón gCuideachta ar an airgead ceannacháin sin mar chomhlíonadh iomlán don cheannaitheoir (agus ní bheidh iachall air úsáid an airgid sin a dheimhniú) agus tar éis d'ainm an cheannaitheora a bheith cláraithe i gClárleabhar na Cuideachta agus é sin déanta mar fheidhmiú ar na cumhachtaí thuasluaite ní thabharfar éifeacht na n-imeachtaí sin i gceist in aon slí.

(iv) Mura n-éireoidh leis an gCuideachta taobh istigh den tréimhse cheaptha ceannaitheoirí a aimsiú atá sásta na scaireanna ar fad a cheannach agus fógra i scríbhinn dá réir a thabhairt don aistreoir nó má thugann an Chuideachta fógra i scríbhinn don aistreoir taobh istigh den tréimhse cheaptha nach bhfuil aon súil ag an gCuideachta le ceannaitheoirí a aimsiú do na scaireanna sin nó d'aon chuid díobh, beidh cead ag an aistreoir ag aon am taobh istigh de thréimhse sé mhí ón tréimhse cheaptha (faoi réir fhorálacha Rialachán 3 de Chuid II de Thábla A amháin) na scaireanna sin nach bhfuil an Chuideachta tar éis fógra a thabhairt ina dtaobh go bhfuil ceannaitheoir faighte aici dóibh (nó a bhfuil fógra tugtha aici nach bhfuil aon súil aici le ceannaitheoirí a fháil dóibh) a aistriú chuig daoine ar bith ar bhonn díolacháin bona fide ar aon phraghas nach lú ná an praghas ceaptha (tar éis de réir mar is cuí, aon ghlandíbhinn nó aon dáileadh eile a fhógrófar nó a dhéanfar tar éis dáta an fhógra aistrithe a bhaint le coinneáil ag an aistreoir).  
Faoi Réir:-

a) Má luaitear san fhógra aistrithe nach bhfuil an t-aistreoir toilteanach ach an t-iomlán de na scaireanna a bheidh luaite san fhógra aistrithe a aistriú ní bheidh cead aige faoin alt seo aon chuid de na scaireanna sin a aistriú ach amháin má aistríonn sé na scaireanna uile sin in iomlán

b) Beidh de cheart ag na Stiúrthóirí a éileamh go sásófar iad ar cibé slí a leagfaidh siad féin síos go réasúnta go bhfuil na scaireanna sin á n-aistriú ar bhonn díolacháin bona fide i gcomaoin ar an bpraghas a luaitear san aistriúchán gan aon asbhaint, aisíoc ná liúntas ar bith don cheannaitheoir agus, mura sásaítear amhlaidh iad, féadfaidh siad a dhiúltú an ionstraim aistriúcháin a chlárú.

(iv)) Ciallóidh an ráiteas "an tréimhse cheaptha" tréimhse dhá mhí ón lá a dtabharfar an fógra aistrithe nó a measfar an fógra aistrithe a bheith tugtha. Ciallóidh an ráiteas "an praghas ceaptha":-

a) Cibé suim de réir na scaire a aontóidh an t-aistreoir agus na Stiúrthóirí eatarthu taobh istigh de sheacht lá roimh dháta an fhógra aistrithe mar shuim a léiríonn luach cuí ar na scaireanna sin nó luach a bheidh inghlactha don aistreoir agus nach mbeidh níos mó nó an luach cuí sin

Nó

b) (ina éagmais aontaithe amhlaidh) luach cuí na scaireanna sin (amhail ar an dáta ar tugadh an fógra aistrithe sin nó ar measadh é a bheith tugtha) a mheasfaidh agus a dhearbhoíd hIníúcháirí na Cuideachta a bheidh i bhfeidhm ag an am, ar iarratas ón aistreoir nó ón gCuideachta, agus feidhmeoidh na hIníúcháirí ar chostas na Cuideachta mar shaineolaithe agus ní mar eadránaithe agus iad á mheas agus á dhearbhu amhlaidh agus beidh feidhm chríochnaitheach lena gcinneadh.

5. D'fhonn a chinntiú go mbeidh údarás cuí ann d'aistriúchán scaireanna faoi na hAirteagail seo féadfaidh na Stiúrthóirí ó am go ham iachall a chur ar aon chomhalta nó ar aon duine a ainmnítear mar aistrí in aon aistriúchán a chuirfear ar fáil le clárú, cibé eolas agus fianaise i dtaobh aon ghné a bheidh ábharthach don chuspóir seo a chur ar fáil don Chuideachta. Mura gcuirfear an t-eolas nó an fhianaise sin ar fáil do shástacht na Stiúrthóirí taobh istigh de thréimhse réasúnta tar éis dóibh é a iarraidh beidh sé de chead ag na Stiúrthóirí a dhiúltú an t-aistriú sin a chlárú.

6. Ní gá go ndéanfaí ionstraim aistrithe scaire (nach scair pháirtíochta í) a fhorghníomhú thar ceann an aistrí agus ní gá í a fhianú agus leasófar Rialachán 22 de Chuid I de Thábla A a leasú dá réir.

### RÚIN

7. Rún ar bith i scríbhinn den chineál a ndéantar tagairt dó i Rialachán 6 de Chuid II de Thábla A féadfaidh sé a bheith i ndoiciméid leithleacha cosúil lena chéile agus gach ceann díobh a bheidh sínithe ag duine amháin nó níos mó de na comhaltaí (nó a n-ionadaithe údaráithe cuí) a ndéantar tagairt dóibh sa Rialachán sin.

### IMEACHTAÍ AG CRUINNITHE GINEARÁLTA

8. Cuirfear na focail seo a leanas le Rialachán 53 de Chuid I de Thábla A "agus luach saothair na Stiúrthóirí a shocrú".

## CRUINNITHE

9. Faoi réir Alt 140 d'Acht na gCuideachtaí, 1963, féadfar gach cruinniú ginearálta, cruinniú d'aon aicme comhaltaí de chuid na Cuideachta, cruinniú de na Stiúrthóirí agus cruinniú de choistí de chuid Bhord na Cuideachta feidhm a bhaint as áis chomhdhála teileachumarsáide chun an cruinniú a reachtáil, Faoi Réir i gCónaí go nótálann Cathaoirleach an chruinnithe dá shástacht i dtaca le gach duine atá i dteideal a bheith i láthair ag an gcruinniú:-

(i) gur tugadh fógra cuí dó faoin gcruinniú, agus fógra go mbeadh an áis chomhdhála teileachumarsáide ar fáil, agus

(ii) gur féidir le gach duine a bhaineann úsáid as an áis chomhdhála teileachumarsáide an cruinniú a chlosteáil agus páirt a ghlacadh ann,

agus áireofar duine a ghlacann a leithéid de pháirt i gcruinniú a bheith i láthair ag an gcruinniú.

Faoi réir Alt 140 d'Acht na gCuideachtaí, 1963, féadfaidh na daoine a bheidh i láthair ag cruinnithe faoi fhorálacha an Airteagail seo a bheith lonnaithe in aon áit ar domhan agus déantar Rialachán 47 de Chuid I de Thábla A a leasú dá réir.

## STIÚRTHÓIRÍ

10. Mura gcinnfear nó go dtí go gcinnfear a mhalairt ag Cruinniú Ginearálta den Chuideachta ní bheidh níos lú ná beirt ná níos mó ná seachtar Stiúrthóir ann agus déantar Rialachán 75 de Chuid I de Thábla A a leasú dá réir.

## DÍCHÁILIÚ STIÚRTHÓIRÍ

11. Beidh gach duine a bheidh dícháilithe nó a mbeidh srian air faoi Chuid VII d'Acht na gCuideachtaí 1990, dícháilithe go huathoibríteach chun bheith ina Stiúrthóir den Chuideachta, agus déantar Rialachán 91 de Chuid I de Thábla A a leasú dá réir.

## CUMHACHTAÍ CHUN IASACHT A FHÁIL

12. Féadfaidh na Stiúrthóirí na cumhachtaí uile a fheidhmiú a bheidh ag an gCuideachta chun airgead a fháil ar iasacht gan aon teorainn le méid na n-iasachtaí, agus chun a gnóthas, a maoin agus a caipiteal neamhghlaoite, nó aon chuid den chéanna a mhorgáistiú nó a mhuirearú, agus chun bintiúir, stoc bintiúir agus urrúis eile a eisiúint, go glan amach nó mar urrúis ar aon fhiach, dliteanas nó oibligeáid de chuid na Cuideachta nó aon tríú páirtí, agus déanfar Rialachán 79 de Chuid I de Thábla A a leasú dá réir.

## SLÁNAÍOCHT NA mBALL

13. Beidh gach duine is Stiúrthóir, Stiúrthóir Bainistí, Gníomhaire, Iniúchóir, Rúnaí nó oifigeach eile de chuid na Cuideachta i dteideal slánaíochta as sócmhainní na Cuideachta i gcoinne gach cailteanas nó dliteanas a thitfidh air agus é i mbun dualgais a oifige a chomhlíonadh nó ar bhealach eile i dtaca leis na dualgais sin, agus áireofar gach dliteanas a thitfidh air agus é ag cosaint aon imeacht dlí, sibhialta nó coiriúil, ina dtabharfar breithiúnas ar a shon nó a dtabharfar breithiúnas éigiontaithe ina leith, nó i ndáil le haon iarratas faoi Alt 391 d'Acht na gCuideachtaí, 1963 ina dtugann an Chúirt faoiseamh dó, agus ní bheidh Stiúrthóir nó oifigeach eile freagrach as aon chaillteanas, damáiste nó mí-ádh eile a tharlóidh don Chuideachta nó a thitfidh uirthi agus é i mbun dualgais a oifige nó i dtaca leo sin. Ach ní bheidh feidhm ag forálacha an Airteagail seo ach amháin chomh fada agus nach mbíonn siad ar neamhní faoi Alt 200 den Acht réamhráite.

---

AINMNEACHA, SEOLTAÍ AGUS TUAIRISCÍ NA SÍNITHEOIRÍ

---

Údarás na Gaeltachta  
Na Forbacha  
Gaillimh  
Eagraíocht Reachtúil

*Údarás na Gaeltachta (Gaillimh)  
1740 Uachtarán na Gaeltachta*

Brian Ó Cuív  
Teach Mór Thoir  
Indreabhán  
Co. na Gaillimhe  
Feidhmeannach

*Brian Ó Cuív*

---

Arna dhátú an *27ú* lá de *Samhain* 1997

Finné leis na sínithe sin thuas:-

Ainm:

*Peirín Breatnach*

Seoladh:

*Údarás na Gaeltachta*

*Na Forbacha*

*Gaillimh.*